C/2025/2274

14.4.2025

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 31 Márta 2025

ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le timthriall socraíochta níos giorra san Aontas

(CON/2025/7)

(C/2025/2274)

Réamhrá agus bunús dlí

An 13 agus an 24 Márta 2025, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Pharlaimint na hEorpa, faoi seach, ar thuairim maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le timthriall socraíochta níos giorra san Aontas ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é go bhfuil forálacha sa rialachán atá beartaithe a dhéanann difear d'inniúlacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) córais éifeachtúla agus fhónta imréitigh agus íocaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tíortha eile, dá dtagraítear in Airteagal 22 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

Barúlacha ginearálta

Is díol sásaimh do BCE cuspóir an rialacháin atá beartaithe uasfhad an timthrialla socraíochta maidir le hidirbhearta áirithe in urrúis inaistrithe a laghdú ó dhá lá gnó go lá gnó amháin tar éis an dáta trádála, dá ngairtear T+1 de ghnáth. Mar a tugadh faoi deara sa togra ón gCoimisiún, is réamhchoinníoll riachtanach é socrú tapa, éifeachtúil agus iontaofa chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt. Thairis sin, le héifeachtúlacht agus athléimneacht fheabhsaithe na bpróiseas iarthrádála a spreagfaí le haistriú féideartha chuig T+1, d'éascófaí baint amach an chuspóra maidir le héifeachtúlacht socraíochta a chur chun cinn tuilleadh san Aontas ([2]). Thairis sin, laghdódh an t-athchóiriú sin na tionchair a bhaineann le mí-ailíniú le mórdhlínsí domhanda eile ina ndearnadh athchóirithe comhchosúla.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 31 Márta 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([1]) COM(2025) 38 final.

([2]) Féach an Ráiteas Comhpháirteach ó ESMA (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), AS FISMA an Choimisiúin Eorpaigh (an Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil), agus BCE-AS MIP (Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar Margaidh agus Íocaíochtaí), 'An timthriall caighdeánach socraíochta urrús san Aontas Eorpach a ghiorrú: na chéad chéimeanna eile' ('Shortening the standard securities settlement cycle in the European Union: next steps'), 15 Deireadh Fómhair 2024, ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.www.ecb.europa.eu.